C/2025/5106

18.9.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Case M.12155 – CENTRICA / BRIDGEPOINT / GRAIN)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5106)

1. An 9 Meán Fómhair 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— GB Gas Holdings Limited (an Ríocht Aontaithe), fochuideachta ar lánúinéireacht ag Centrica plc (an Ríocht Aontaithe),

— Cistí atá faoi rialú ECP VI, LLC ('ECP', na Stáit Aontaithe), fochuideachta ar lánúinéireacht ag Bridgepoint Group plc ('Bridgepoint', an Ríocht Aontaithe),

— National Grid Grain LNG Limited agus Thamesport Interchange Limited ('Grain' le chéile, an Ríocht Aontaithe), a bhfuil an dá cheann acu faoi rialú aonair National Grid plc (an Ríocht Aontaithe) faoi láthair.

Gheobhaidh Centrica agus Bridgepoint rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Grain ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta ilnáisiúnta fuinnimh agus seirbhísí é Centrica, atá gníomhach go príomha i soláthar leictreachais agus gáis sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn agus i dtáirgeadh agus stóráil gáis nádúrtha agus san infheistíocht i mbonneagar fuinnimh freisin,

— Is gnólacht infheistíochta é ECP atá gníomhach ar fud an bhonneagair fuinnimh. Is grúpa idirnáisiúnta bainistithe sócmhainní malartacha é Bridgepoint, atá liostaithe ar Stocmhalartán Londan,

— Oibríonn Grain críochfort GNL Grain sa Ríocht Aontaithe, lena n-áirítear stóráil GNL, athghású agus seirbhísí seachadta, agus is leis an láithreán ar a bhfuil an críochfort agus oibríochtaí eile in aice láimhe lonnaithe agus bainistíonn sé an láithreán sin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12155 — CENTRICA / BRIDGEPOINT / GRAIN

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË